# An Dearbḟine Ċlann Ṁic Carṫaiġ Riaḃaiġ;

## Do gaċ naon ċun a sroiċfiḋ an scríbinn seo, beannaċt:

**De ḂRÍ** go raiḃ Clann Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ i gCairbriġ, mar Ṫeaġlaċ Ríoga agus Prionsúil atá ag síolrú ó Ríṫe Ḋeasṁuman agus na Muṁan, gan Ceann Fine aiṫeanta le dá ċéad seaċtó is a haon bliain anuas, agus fós nár baineaḋ go dleaṫaċ riaṁ den ċlann sin a dínit ċeannasaċ dúċasaċ féin ná a ċumas dliṫiúil Ceann Fine nua a ċeapaḋ; **AGUS DE ḂRÍ** gur ḋearbaiġ breiṫeaṁ oiḋreaċtúil Ċlann Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ na bunphrionsabail dliṫiúla a rialaíonn comharbas Ċeannas na clainne céanna sa lá atá inniu ann; **AGUS DE ḂRÍ** faoi ḋlí na nGael go maireann dearbḟine ceann fine éagṫa go dtí go bḟógróiḋ an dearbḟine sin a Ṫánaiste, nó go dtoġfaiḋ sí Ceann Fine nua; **AGUS DE ḂRÍ** gur oifig oiḋreaċtúil é Ceannas Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ atá i seilḃ dearbḟine na clainne; **AGUS DE ḂRÍ** nár díscaoileaḋ, nár cuireaḋ ar ceal, nár scaipeaḋ ná gur ṫáinig dearbḟine eile ina háit riaṁ go dleaṫaċ ar ḋearbḟine an Ċeann Ḟine ḋeireanaiġ Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ, agus dá ḃrí sin go bḟuil an dearbḟine sin ann fós agus gur de jure agus de facto dearbḟine na clainne atá ann faoi láṫair í; **AGUS DE ḂRÍ** nár cuireaḋ ar neaṁní riaṁ go reaċtúil cumas dliṫiúil na clainne a Ceann Fine féin a ċeapaḋ, aċ gur cuireaḋ bac air trí ṫoirmeasc sibialta ar an Tánaisteaċt; **AGUS DE ḂRÍ** gur ġéilleaḋ Prionsaċt Ċairbriġ sa bliain 1606 ċun í a ṡealbú ó Ċoróin Ṡasana trí ṡeirbís ridireaċta in capite, agus dá barr sin gur cuireaḋ nós oiḋreaċtúil na Tánaisteaċta i léig; **AGUS DE ḂRÍ** gur ċuir Aċtanna um Ċealú na dTiarast (1660 agus 1662), mar aon le hAċtanna um Aṫbreiṫniú agus Aṫċóiriú an Dlí (1962 agus 2009), gaċ gné iarṁarаċ den tsealbú feodaċ sin ar ceal agus ar neaṁní; **AGUS DE ḂRÍ** gur bain breiṫ 1608 i gcás Uí Néill v. Uí Néill, a ṫacaiġ le comharbas de réir céadġinteaċta seaċas de réir Tánaisteaċta, le heastáit ċorpraċa talún; agus ós rud é gur dínit neaṁċorpraċ í Taoiseaċt Ġaelaċ naċ bḟuil ceangailte ná spleáċ ar aon eastát críoċaċ, ní féidir leis an mbreiṫiúnas sin comharbas oiḋreaċtúil ar Ṫaoiseaċt Ġaelaċ a rialú, a ṡrianaḋ ná a ċur faoi aon tionċar eile; **AGUS DE ḂRÍ** naċ bḟuil i mBunreaċt Ṡaorstát Éireann, i mBunreaċt na hÉireann, ná in Aċtanna Aṫbreiṫniṫe an Dlí Reaċtúil agus bearta gaolṁara, aon aċtaċán follasaċ ná intuigṫe lena n-aisġairfí, lena n-éiriṫeoḋ as, lena bḟóirceannfaí, lena gcuirfí faoi ċois, nó ar aon slí lena ndíoṫóḋ dínit oiḋreaċtúil aon Taoisiġ Ġaelaiġ, ná an ceart nósúil atá ag dearbḟine na clainne a Ceann Fine féin a roġnú, a aiṫint agus a ḟógairt; agus, ós rud é go bḟuil aiṫeantais ċúirtéise an Ṗríoṁ-Aralta Éireannaiġ imiṫe in éag de ḋeasca easpa tacaíoċta reaċtúla, gur fágaḋ go hiomlán i seilḃ dearbḟine na clainne féin an t-údarás agus an pribléid Ceann Fine a ṡainaiṫint, a ṫoġaḋ agus a ḟógairt ina ċúram inṁeánaċ féin;

**DÁ ḂRÍ SIN**, lastiġ d'ár n-údarás ársa mar ḋearbḟine Ċlann Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ i gCairbriġ, dúinne féin, dár n-oiḋreaċa agus dár gcomharbaí, ceapaimid agus leis na litreaċa seo ardaímid, cruṫaímid agus aiṫnímid ár gcol ceaṫrair ionúin

**Éiṁín Pádraig Mac Cárṫaiġ Riaḃaċ as Aillte Dara**

do stádas, céim, stíl, dínit, teideal agus onóir

**Ceann Fine Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ agus Rí Mór Túaṫ Ċairbreaċ,**

agus araile,

le gaċ onóir, pribléid, ceart agus pribléid ṗrionsaí a ġabann leo; agus, óir a bronn an tÓ Drisceoil Slat na Ríoġe ina láṁ air, bronntar air an gradam sin, inḟeistítear leis an onóir sin é, agus ardaítear ċun uaisleaċta é ċun an stádas, an ċéim, an stíl, an dínit, an teideal agus an onóir sin a ṡealbú agus a ċoinneáil, le hoiḋreaċt dá oiḋreaċa de réir an tSean-Dlí Tánaisteaċta. **MAR ḞIANAISE AR AN MÉID SIN**, tá Litreaċa Paitinne déanta againn de na litreaċa seo agus tá an Séala Mór de ċuid an Ṁic Cárṫaiġ Riaḃaiġ curṫa againn leo an ceaṫrú lá déag de Lúnasa, Oíċe Ḟéile na Deastógála, sa bliain dár dTiarna dá ṁíle is fiċe a cúig.

# The Dearbhfhine of Clan MacCarthy Reagh;

## To All To Whom These Presents Shall Come, Greetings:

**Whereas** *the Clan of MacCarthy Reagh of Carbery, as a Royal and Princely House descended from the Kings of Desmond and Munster, has been without a recognized Chief for these last two-hundred and seventy-one years, and yet never lawfully divested of its inherent sovereign dignity nor of its juridical capacity to appoint the same;* **And Whereas** *the hereditary Brehon of the MacCarthy Clan has affirmed the juridical foundations by which the Chiefship of the Clan MacCarthy Reagh is today succeeded;* **And Whereas** *under Gaelic jurisprudence the Dearbhfhine of a deceased Chief endures until such time as the Dearbhfhine shall acclaim his Tanist, or otherwise elect a new Chief;* **And Whereas** *the Chiefship of the Name is a hereditary office vested in the Clan Dearbhfhine;* **And Whereas** *the Dearbhfhine of the last Chief of the Name MacCarthy Reagh, never having been lawfully dissolved, superseded, disbanded, or succeeded, does therfore subsist and is de jure and de facto the presently constituted Clan Dearbhfhine;* **And Whereas** *the legal capacity of the clan to determine its own Chief was never statutorily extinguished, but was merely impeded by the civil proscription of Tanistry;* **And Whereas** *the Principality of Carbery was surrendered in 1606 to hold from the English Crown by knight's service in capite whereby the hereditary custom of Tanistry was forced into desuetude;* **And Whereas** *the English Tenures Abolition Act 1660, together with the Irish Tenures Abolition Act 1662, the Statute Law Revision Act 1962, and the Land and Conveyancing Law Reform Act 2009 and cognate measures, have abrogated and countermanded every residual incident of that feudal tenure;* **And Whereas** *the 1608 adjudication in O'Neill v. O'Neill favouring succession by primogeniture rather than by Tanistry appertained to corporeal estates in land, its decision in respect of Irish dignities inasmuch as an Irish Chiefship is an incorporeal dignity neither appurtenant to, nor dependent upon, any territorial estate, the said judgment is incapable of governing, constraining, or otherwise affecting the hereditary succession to a Gaelic Chiefship;* **And Whereas** *neither the Constitution of the Irish Free State, the Bunreacht na hÉireann, nor the Statute Law Revision Acts and cognate measures disclose any express or implied enactment which repeals, abrogates, annuls, suppresses, or otherwise extinguishes the hereditary dignity of any Gaelic Chieftainship or the customary right of a clan Dearbhfhine to choose, recognise, and proclaim its Chief, and with courtesy recognitions by the Chief Herald of Ireland having lapsed for want of legislative basis, the authority and prerogative to identify, elect, and proclaim a Chief remains wholly vested in the Clan Derbhfine in foro domestico;*

**We Therefore** *are graciously pleased, accordingly within Our ancient authority as the Dearbhfhine of the MacCarthy Reagh Clan of Carbery, for Us, Our heirs, and successors do appoint and by these presents advance, create, and recognize our beloved cousin*

**Evan Patrick McCarthy Reagh of Oak Bluffs**

*to the state, degree, style, dignity, title, and honour of*

**Chief of the Name MacCarthy Reagh and Prince of Carbery,**

et cetera;

*with all the honours, privileges, rights, and prerogatives appertaining thereto; and, as the O'Driscoll bestowed the White Rod into his hand, that distinction is conferred upon him, he is invested with that honour, and he is elevated to nobility to hold and maintain that status, rank, style, dignity, title, and honour, with remainder to his heirs according to the Ancient Law of Tanistry.* **In Witness Whereof** *We have caused these Our Letters to be made Patent and have hereunto caused the Great Seal of The MacCarthy Reagh to be affixed this fourteenth day of August, the Vigil of the Assumption, in the year of Our Lord two thousand and twenty-five.*